



# Cód Cleachtas

ar Inrochtaineacht Seirbhísí Poiblí agus  
Faisnéise a chuireann Comhlachtaí Poiblí ar Fáil



NATIONAL DISABILITY AUTHORITY  
ÚDARÁS NÁISIÚNTA MÍCHUMAIS

# **Cód Cleachtais ar Inrochtaineacht Seirbhísí Poiblí agus Faisnéise a chuireann Comhlachtaí Poiblí ar Fáil**

ISBN 1 870499 17 4

Dearbhaíodh trí ordú an Cód Cleachtais seo mar chód cleachtais formheasta chun críche an Achta um Míchumas, 2005. Tagraíonn I.R. Uimh 163 de 2006 d'Ordú Achta um Míchumas 2005 (Cód Cleachtais)(Dearbhú) 2006 agus is é sin is teideal dó.

## Brollach

Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais i Meitheamh na bliana 2000 mar chomhlacht reachtúil neamhspleách faoin Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999. Ceann d'fheidhmeanna an Údaráis, mar atá leagtha amach san Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, is ea 'cuidiú a thabhairt i dtaca le dea-chaighdeán agus dea-cháilíocht a bhaint amach maidir le cláir agus seirbhísí a sholáthraítear nó atá le soláthar do dhaoine faoi mhíchumas' (féach Cuid II, alt 8(2) (c), (d) agus (f) agus 10 (1)).

Is é an tÚdarás Náisiúnta Míchumais a d'ullmhaigh an cód cleachtais seo maidir le hinrochtaineacht seirbhísí agus faisnéise a chuireann comhlachtaí poiblí ar fáil, ar iarratas an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, faoi réir fhorálacha an Achta um Míchumas 2005 (an tAcht)(Cuid 3, Alt 30).

I mí Lúnasa 2005, d'iarr an tAire ar an NDA dréachtchód cleachtais maidir leis na hábhair a dtagraítear dóibh i ranna 26, 27 agus 28 den Acht a ullmhú agus a chur faoina bhráid. Chuir an NDA dréacht tosaigh faoi bhráid gach Roinn Rialtais i Meán Fómhair 2005. Fuarthas líon mór aighneachtaí ón gcomhairle tosaigh seo agus, mar thoradh ar na haighneachtaí seo, d'ullmhaigh an NDA an dara dréacht.

Ag teacht le halt 30(2) den Acht, a chumhachtaíonn an NDA chun dul i gcomhairle lena leithéid de dhuine nó de chomhlacht is a mheasann sé a bheith cuí, chuir an NDA tús le Próiseas Náisiúnta Comhairliúcháin i nDeireadh Fómhair/Samhain 2005 i ndáil leis an dara dréacht seo. Fuair an NDA níos mó ná 70 aighneacht agus rinneadh tuilleadh leasuithe don cháipéis.

Ag leanúint ar an bPróiseas Náisiúnta Comhairliúcháin seo, fuair gach Roinn Rialtais deis dheireannach tráchtareacht a dhéanamh ar an tríú dréacht, sular cuireadh an t-athbhreithniú deireannach den Chód faoi bhráid Údarás an NDA i gcóir a mheasúnaithe.

Tá an tAcht comhlántach leis na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2004, a bhaineann freisin le soláthar earraí agus seirbhísí.

Ba cheart do chomhlachtaí poiblí, mar sholáthróirí seirbhísí, ceanglais na nAchtanna seo i ndáil le soláthar faisnéise agus seirbhísí do dhaoine le míchumais a thabhairt faoi deara. Ní cód cleachtais an doiciméad seo i ndáil leis na hAchtanna um Stádas Comhionann, ach moltar do chomhlachtaí poiblí cur chuige comhtháite a fhorbairt dá n-oibleagáidí de réir an Achta um Míchumais 2005 agus na nAchtanna um Stádas Comhionann i ndáil le daoine le míchumais.

Leagann Cuid a 3 den Acht um Míchumas 2005 (an tAcht) freagrachtaí suntasacha ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil rochtain ag daoine le míchumais ar a seirbhísí, eadhon:

- Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí faoi alt 26 a chinntiú go bhfuil rochtain ag daoine le míchumais ar a seirbhísí trí rochtain chomhtháite ar sheirbhísí príomhsrutha a chur ar fáil sa chás go bhfuil sin indéanta agus cuí.
- Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí faoi alt 27 a chinntiú go mbeidh rochtain ar na hearraí nó ar na seirbhísí a cheannaíonn siad, ach amháin dá mba rud é nach mbeadh sé indéanta nó inchosanta ar bhonn costais nó dá mbeadh moill mhíreasúnach dá bharr.
- Is gá faoi alt 28, tar éis a hiarrata, cumarsáid ó chomhlacht poiblí a chur ar fáil chuig duine a bhfuil lagú éisteachta nó amhairc aige nó aici, a mhéid is indéanta, i bhformáid atá inrochtana. Is gá go mbeadh faisnéis a chuirtear ar fáil go leictreonach comhoiriúnach le teicneolaíocht oiriúnaitheach, a mhéid is indéanta. Is gá faisnéis fhoilsithe, atá ábhartha do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil, a chur ar fáil i bhformáidí atá so-léite, sa mhéid is atá sé sin indéanta.

Leagann an cód cleachtas seo amach tuiscint an Údaráis ar na ceanglais atá ann faoi na hait sin den Acht agus tá sé mar aidhm aige treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí chun na hoibleagáidí reachtúla atá orthu a chomhlíonadh trí chomhairle phraiticiúil agus trí shamplaí a sholáthar. Creidim gur féidir é seo a bhaint amach trí phleanáil atá ciallmhar agus cúramach, agus atá freagrúil do riachtanais na ndaoine faoi mhíchumas. Tugtar spreagadh do chomhlachtaí poiblí gníomhú chun na caighdeáin inrochtaineachta is airde is féidir a bhaint amach maidir le rochtain ar an eolas agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad don phobal.

Molann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais gurb é an miosúr is fearr a bheidh ann ná go dtabharfaidh na daoine faoi mhíchumas faoi deara go bhfuil athrú dearfach ag tarlú i ndáiríre ar mhaithe le rochtain ar sheirbhísí agus ar fhaisnéis.



Aingeal Uí Ciaráin, Cathaoirleach, An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

# Ábhar

	Brollach	3
1	Réamhrá	6
2	Fairsinge, Aidhm agus Cur i bhFeidhm an Chóid Chleachtas	9
3	Stádas an Chóid Chleachtas seo	10
4	Bunghnéithe an Chóid	12
	Aguisín a hAon: Ailt i gCuid 3 den Acht um Míchumas 2005	23
	Formáidí Malartacha	26
	A Thuilleadh Faisnéise agus Comhairle	27

# 1 Réamhrá

Is éard atá san Acht um Míchumas 2005 (an tAcht) ná beart gnímh dearfach a leagann síos bonn reachtúil chun go mbeidh seirbhísí poiblí inrochtaineach. Leagann alt 26, 27 agus 28 den Acht oibleagáidí ar chomhlachtaí poiblí go mbeidh rochtain ar a gcuid seirbhísí agus a gcuid faisnéise ag daoine faoi mhíchumas. Ullmhaíodh an Cód Cleachtais seo ar iarratas ón Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi alt 30 den Acht chun treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh.

Ba chóir a thabhairt faoi deara, cé go bhfuil forálacha breise san Acht d'inrochtaineacht maidir le foirgnimh agus láithreacha oidhreachta, nach dtagann siad seo laistigh den cód cleachtais seo agus déileálfar leo astu féin.

Mínítear na hoibleagáidí a thagann faoi alt 26, 27 agus 28 sa Chód. Ní chuimsíonn an Cód an próiseas gearán gaolmhar a mbeidh feidhm aige faoi alt 38, 39 agus 40. Déanann na hailt seo foráil gur féidir le duine faoi mhíchumas gearán a dhéanamh le hoifigeach fiosrúcháin atá ceaptha ag an gcomhlacht faoi alt 39 maidir le haon mhainneachtain de chuid comhlacht poiblí rochtain a sholáthar mar a cheanglaítear faoi alt 26, 27 agus 28. Mura bhfuil an gearánach sásta le toradh a ngearáin is féidir leis nó léi achomharc a dhéanamh leis an Ombudsman mar a fhoráiltear faoi alt 40.

## Cé a bhainfidh tairbhe as na forálacha seo?

Tá sé mar aidhm ag an Acht rochtain ar sheirbhísí poiblí a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas. Chun críocha ailt 26, 27 agus 29 den Acht, sainmhínítear an téarma míchumas in alt 2 den Acht .i.: "i ndáil le duine, ciallaíonn sé srianú substaintiúil ar chumas an duine dul i mbun ceirde, ghnó nó gairm beatha sa Stát nó chun páirt a ghlacadh i saol sóisialta nó cultúrtha an Stáit mar thoradh ar lagú fadhbunaithe fisiciúil, céadfaíoch, sláinte meabhrach nó intleachtúil".

## Céard iad na seirbhísí a chuimsítear?

Baineann an cód le seirbhís a thagann faoin sainmhíniú ar sheirbhísí in alt 2 den Acht. Cuimsíonn sé raon leathan seirbhísí agus áiseanna a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí atá ar fáil don phobal i gcoitinne nó d'earnáil ar leith den phobal.

Áirítear orthu sin:

- (a) úsáid áite nó saoráide ar bith atá faoi úinéireacht, faoi bhainistíocht nó faoi rialú comhlachta phoiblí;
- (b) soláthar faisnéise nó acmhainn faisnéise nó scéim nó liúntas nó tairbhe eile atá á riar ag comhlacht poiblí;
- (c) seirbhís chultúrtha nó oidhreachta ar bith atá á soláthar ag comhlacht den sórt sin; agus
- (d) seirbhís ar bith á soláthar ag cúirt nó binse eile.

### **Céard iad na comhlachtaí poiblí atá cuimsithe faoin gCód?**

Baineann an cód le raon leathan comhlachtaí poiblí, agus iad éagsúil ó thaobh an chineál oibre a dhéanann siad agus ó thaobh a méid. Sainmhínítear na comhlachtaí poiblí a chuimsítear faoin gcód in alt 2 den Acht chun na comhlachtaí seo a leanas a chuimsiú:

- (a) Roinn Stáit;
- (b) Oifig an Uachtaráin;
- (c) Oifig an Ard-Aighne;
- (d) Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste;
- (e) Oifig Thithe an Oireachtais;
- (f) údarás áitiúil;
- (g) Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte;
- (h) duine, comhlacht nó eagraíocht (seachas Óglaigh na hÉireann) bunaithe
  - (i) le haon achtachán nó faoi aon achtachán (seachas Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2003) - d'áireofaí anseo, mar shampla, Coimisiún Craolacháin na hÉireann a bunaíodh faoin Acht Raidió agus Teilifíse 1988, An Phríomh-Oifig Staidrimh, a bunaíodh faoin Acht Staidrimh 1993, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais a bunaíodh faoin Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999, an



tSeirbhís Cúirteanna a bunaíodh faoin Acht um Sheirbhís Cúirteanna 1998, An Bord um Chúnadh Dílíthiúil a bunaíodh faoin Acht um Chúnadh Dílíthiúil Sibhialta 1995,

nó

- (ii) faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2003, de bhun cumhachtaí a thugtar le hachtachán eile nó faoi achtachán eile, agus a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach, cibé acu go díreach nó go hindíreach, trí bhíthin airgid arna sholáthar, nó le hiasachtaí arna ndéanamh nó arna ráthú, ag Aire Rialtais nó le heisiúint scaireanna arna sealbhú ag Aire Rialtais nó thar ceann Aire Rialtais. Mar shampla, bheadh Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann san áireamh anseo.

## **Ag Tabhairt Aghaidh ar Shaincheisteanna Inrochtaineachta**

D'fhonn a chinntiú go mbeidh rochtain ar sheirbhísí ní mór dúinn a bheith ar an eolas faoi na baic a bhíonn roimh dhaoine atá faoi lagú fisiciúil, céadfaíoch nó intleachtúil. Bíonn difríocht sna riachtanais a bhíonn acu agus is as sin a thiocfaidh an cineál gnímh atá cuí agus gur féidir é a sheachadadh, áit a bhfuil sin indéanta.

Tá raon leathan gnéithe follasacha agus caolchúiseacha araon a bhíonn mar bhac ar inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas agus orthu sin tá, mar shampla:

- cumarsáid, nuair a chuirtear i láthair i bhformáidí dorochtana í;
- easpa feasachta maidir le riachtanais na ndaoine faoi mhíchumas;
- an comhshaol fisiciúil m.sh. dearadh, leagan amach, comharthaíocht, soilsiú agus araile;
- dearadh seirbhíse m.sh. nuair a d'fhéadfadh córais, nósanna imeachta agus cleachtais a bheith ina mbaic.

Is féidir rochtain ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí a chur ar fáil nuair a sholáthraítear iad ar bhealach atá i gcomhréir le riachtanais na ndaoine sin dá bhfuil siad beartaithe.

Go ginearálta is féidir é seo a éascú trí ghlacadh le cur chuige gníomhach agus comhairleach i leith eolais agus i leith dearaidh agus seachadadh seirbhísí.

## 2 Fairsinge, Aidhm agus Cur i bhFeidhm an Chóid Chleachtais

### Fairsinge

Is ar Chuid 3, Alt 26, 27 agus 28 den Acht um Míchumas 2005 (an tAcht) atá an cód cleachtais seo dírithe.

Leagann na hAilt amach ceanglais shonracha maidir le faisnéis agus seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí agus earraí a cheannaíonn comhlachtaí poiblí ionas go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas orthu sa chás go bhfuil sin indéanta.

### Aidhm

Forbraíodh an Cód seo d'fhonn tacú le comhlachtaí poiblí a ndualgais reachtúla a chomhlíonadh faoi alt 26, 27 agus 28, den Acht um Míchumas 2005 (an tAcht) (féach Aguisín a hAon).

### Cur i bhFeidhm

Ba chóir go mbeadh an doiciméad seo úsáideach do chomhlachtaí poiblí trí threoir phraiticiúil a chur ar fáil maidir leis na gnéithe éagsúla atá i gceist agus samplaí maidir le cur chuige agus modhanna a d'fhéadfaí a úsáid chun a chinntiú go mbeadh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar a seirbhísí sa chás go bhfuil sin indéanta agus cuí. Foinse úsáideach faisnéise a bheidh ann freisin do dhaoine faoi mhíchumas atá ag úsáid na seirbhísí seo, dá bpléadálaithe, agus d'eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar son daoine faoi mhíchumas.

### Aidhmeanna Sonracha an Chóid seo

Is iad aidhmeanna sonracha an chóid:

1. tacú le comhlachtaí poiblí trí léirmhíniú praiticiúil a chur ar fáil maidir le ceanglais ailt 26, 27 agus 28, den Acht um Míchumas 2005 (an tAcht);
2. comhairle phraiticiúil a thabhairt maidir leis an gcaoi ina bhféadfaí na ceanglais seo a chomhlíonadh i bhfianaise raon agus éagsúlacht na gcomhlachtaí poiblí agus na seirbhísí atá i gceist.

## 3 Stádas an Chóid Chleachtais seo

### Ginearálta

Baineann an Cód go díreach leis na hábhair a dtagraítear dóibh in alt 26, 27 agus 28 den Acht um Míchumas 2005 (an tAcht). Gearrann na hait seo den Acht dualgais shuntasacha reachtúla ar chomhlachtaí poiblí a tháinig i bhfeidhm an 31 Nollaig 2005.

Meastar go mbeidh eagraíochtaí poiblí atá ag comhlíonadh leis an gcód seo géilliúil don reachtaíocht. Deimhníonn Alt 30(6) go "measfar go mbeidh comhlacht poiblí atá ag comhlíonadh le cód cleachtais atá aontaithe ag comhlíonadh le foráil ábhartha an Achta seo".

Anuas air sin, forálann an tAcht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, do ról monatóireachta don Údarás, i ndáil le cur i bhfeidhm na gCód Cleachtais forbartha ag an Údarás agus a dhearbhaítear a bheith faofa ag an Aire. Áirítear leis seo cóid cosúil leis an gceann seo. Sonraíonn Cuid II, Alt 8 (2) (d) den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, feidhmeanna monatóireachta an Údaráis mar: "faireachán a dhéanamh ar fhorfheidhmiú caighdeán agus cód cleachtais i gcláir agus seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas agus tuarascáil a thabhairt don Aire dá réir."

### Oibleagáidí i ndáil leis an Acht um Míchumas, 2005

Tá feidhm leis na hait seo den Acht um Míchumas 2005 (an tAcht), a ghearrann dualgais shuntasacha reachtúla ar chomhlachtaí poiblí rochtain a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar a seirbhísí agus ar a bhfaisnéis sa chás go bhfuil sin indéanta agus oiriúnach, ón 31 Nollaig 2005. D'fhéadfaí cinntí a dhéanamh ó thaobh praiticiúlachta agus oiriúnachta ar bhonn, mar shampla, leibhéal smachta agus costais.

Maidir le seirbhísí iompair phoiblí áirithe, b'fhéidir go sonródh an plean earnála atá le hullmhú ag an Roinn Iompair, faoi alt 31 agus 34, an creatlach ama/na creatlaigh ama chun go mbeadh inrochtaineacht ar sheirbhísí iompair phoiblí (féach alt 31(5) den Acht).

### Freagrachtaí agus Freagracht

Leagann alt 26, 27 agus 28 den Acht oibleagáidí ar cheann comhlachta phoiblí a shainmhínítear in alt 2 mar "an duine atá ina p(h)ríomhoifigeach feidhmeannach (cibé ainm a dtugtar air) ar an gcomhlacht, nó an duine a chomhlíonann feidhmeanna na hoifige sin". Sa cháil sin, éilítear orthu a chinntiú go gcomhlíonann an comhlacht na hoibleagáidí mar atá leagtha síos sna hait sin.

Tá sé mar aidhm ag an gcód seo tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí poiblí i dtreo a n-oibleagáidí san Acht a chomhlíonadh.

D'fhonn cibé gníomhartha atá riachtanach a bheartú, moltar do cheann gach comhlachta phoiblí ábhartha:

- Cinneadh a dhéanamh ar a mhéid a bhaineann forálacha an Achta lena n-eagraíocht i gcomhthéacs réimse na seirbhísí agus na faisnéise a sholáthraíonn sí;
- Na polasaithe, na nósanna imeachta agus na gníomhartha atá riachtanach do chomhlíonadh a (h)oibleagáidí a mheas, a bheartú agus a athbhreithniú;
- Scrúdú a dhéanamh ar a indéanta agus a chúis is atá na bearta atá pleanáilte chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais an Achta.

## 4. Bunghnéithe an Chóid

### Alt 26 Rochtain ar Sheirbhísí, agus araile.

#### Alt 26 (1)(a) Rochtain Comhtháite ar Sheirbhísí

Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go mbíonn rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar na seirbhísí a chuireann siad ar fáil don phobal i gcoitinne, sa chás go bhfuil sin indéanta agus cuí. Is iad na seirbhísí atá i gceist ná iad siúd a thagann laistigh den sainmhíniú atá ar sheirbhísí faoi alt 2 den Acht um Míchumas (an tAcht).

Ciallaíonn sin, go praiticiúil, gur féidir le daoine faoi mhíchumas, úsáid a bhaint as seirbhís a chuireann comhlacht poiblí ar fáil ag an bpointe céanna teagmhála nó ionaid, ag an am céanna le gach duine eile, a mhéid is indéanta agus is cuí.

Is féidir le comhlacht poiblí rochtain comhtháite a bhaint amach trí:

- Anailís a dhéanamh ar: (i) cé chomh comhtháite is atá an tseirbhís phoiblí a sholáthraíonn siad chun a fháil amach an bhfuil aon éagsúlacht idir an bealach ina mbíonn rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar sheirbhísí a sholáthraítear agus (ii) inrochtaineacht na seirbhísí sin do dhaoine le míchumas;
- Plean gnímh praiticiúil agus cuí a chur i dtoll a chéile chun déileáil le saincheistanna comhtháite agus rochtaineachta atá aitheanta, i gcomhairle le páirtithe leasmhara, a mhéid is indéanta agus is cuí;
- Beartais ar glacadh leo a chur chun cinn sa chaoi is go mbeidh an pobal go ginearálta ar an eolas fúthu.

B'fhéidir go mbeadh sé seo a leanas úsáideach do chomhlachtaí poiblí agus a bhfuil le déanamh á mheas acu:

- Teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Náisiúnta Míchumais maidir le comhairle faoi fhoilseacháin úsáideacha agus cur chuige a bhféadfaí úsáid a bhaint as chun athbhreithniú a dhéanamh ar inrochtaineacht seirbhísí agus chun pleananna gnímh a fhorbairt;
- Grúpa comhairleach a bhunú, áit nach bhfuil grúpa tomhaltóra ann cheana féin, chun maoirseacht a dhéanamh ar athbhreithniú ar cé chomh comhtháite agus inrochtana is atá seirbhísí. Tá Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Mhíchumas bunaithe ag FÁS, mar shampla, chun, i measc nithe eile, "cuidiú agus comhairle a thabhairt maidir leis na córais agus/nó an soláthar atá riachtanach do chuimsiú níos leithne do dhaoine faoi mhíchumas i gcláir agus i seirbhísí FÁS agus cabhair a chur ar fáil do FÁS chun

bearnaí agus dídhreasachtaí reatha a aithint maidir le cláir agus seirbhísí FÁS, agus comhairle a thabhairt faoin gcaoi ina bhféadfaí iad seo a shárú". Féach freisin: <http://www.fas.ie> ;

- Iniúchadh rochtaineachta ar láithreacha agus forbairt straitéiseach seachtrach. Tá iniúchadh rochtaineachta déanta ag Oifig na nOibreacha Poiblí, mar shampla, ar a láithreacha agus tá plean gnímh curtha i dtoll a chéile aici chun rochtain a fheabhsú. Ar na samplaí gníomhartha atá déanta ag an OPW tá córas cárta gaireachta a thógfaidh áit chóras an chárta flípeála atá ann faoi láthair maraon leis na lasca soilse laistigh d'fhoirgnimh a íslíú;
- Cleachtas agus Polasaí Chúram Custaiméara reatha a mhéadú. Tá Bord Soláthair Leictreachais, mar shampla, tar éis Clár Custaiméara le Trealamh Leighis Baile a thabhairt isteach chun a chinntiú go bhfuil soláthar leanúnach leictreachais acu;
- Faisnéis a sholáthar i bhformáid inrochtana do sheimineáir phoiblí, léachtaí, cruinnithe poiblí agus cláir oiliúna phríomhshrutha sa chás go bhfuil sin praiticiúil.

## **Alt 26 (1)(b) Cabhair a chur ar fáil**

Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí, nuair atá sin indéanta agus cuí, cabhair a chur ar fáil chun cur ar chumas duine faoi mhíchumas teacht ar sheirbhís phríomhshrutha, má bhíonn sin á éileamh ag an duine sin. Tá feidhm leis seo nuair atá an comhlacht poiblí sásta go bhfuil cabhair den sórt sin riachtanach.

B'fhéidir go mbeadh éagsúlacht ag baint leis na cineálacha cabhrach a bheidh riachtanach ag brath ar an gcineál seirbhíse a bhfuiltear á soláthar agus an saghas míchumais atá i gceist. B'fhéidir go mbeadh bearta simplí i gceist maidir leis an ngníomh atá ag teastáil, mar shampla am a chaitheamh ag cur comhairle ar dhuine faoi mhíchumas faoi na roghanna seirbhíse nó b'fhéidir go mbeadh cabhair níos speisialaithe ag teastáil cosúil le teangaireacht teanga comharthaíochta.

**Is féidir le comhlacht poiblí é seo a bhaint amach trí:**

- Measúnú a dhéanamh ar an gcineál cabhrach gur dhóigh a theastódh. D'fhéadfadh go mbeadh comhairliúchán le grúpaí ionadaíocha i gceist leis seo, agus comhairle a fháil faoi chineálacha iomchuí cabhrach;
- An t-éileamh dóchúil ar chabhair ar iarratas a thriail agus a mheas;
- Scrúdú a dhéanamh ar phraiticiúlacht agus oiriúnacht choibhneasta na roghanna éagsúla atá ar fáil chun freagairt don éileamh seo;

- Socruithe a dhéanamh chun a chinntiú gur féidir an chabhair atá aitheanta a bheith riachtanach, a fháil nó a fhorbairt agus í a chur ar fáil, a mhéid is indéanta agus is cuí;
- Nósanna imeachta a fhorbairt chun freagra a thabhairt ar iarratais ar chabhair, lena n-áirítear deis a chur ar fáil cumarsáid a dhéanamh leis an gcustaiméir nuair atá sin praiticiúil agus cuí agus a chinntiú go bhfuil an fhoireann iomchuí feasach i dtaobh na nósanna imeachta seo;
- Foinsí iomchuí a aithint chun cineálacha éagsúla cabhrach a d'fhéadfadh a bheith i gceist a sholáthar nó foireann a spreagadh chun na scileanna breise a bheadh i gceist a fhoghlaim, a mhéid is indéanta agus is cuí;
- Bearta ar glacadh leo a chur chun cinn sa chaoi is go bhfuil an pobal i gcoitinne ar an eolas fúthu.

**B'fhéidir go mbeadh sé seo a leanas úsáideach do chomhlachtaí poiblí agus a bhfuil le déanamh á mheas acu:**

- Áit nach bhfuil painéil de thomhaltóirí cheana féin, d'fhéadfaí a leithéidí a bhunú mar threoir d'fhorbairt. Tá Painéal Tomhaltóirí bunaithe, mar shampla, ag Ionad Springfield de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – Ionad Limistéar Lár na Tíre, an Muileann gCearr, cuimsithe as grúpa beag daoine a roghnaíodh ar bhonn randamach a chasann le chéile chun saincheistanna atá ábharach dá seirbhísí sláinte a phlé. Bíonn ball den phobal, atá neamhspleách ar an HSE/FSS ina c(h)athaoirleach ar an bpainéal. Déanann na seirbhísí ábhartha laistigh den HSE/FSS Lártíre an painéal a chomhordú, a riaradh agus a mhaoiniú. Is é seo an cur síos a dhéantar ar na painéil thomhaltóirí in ábhar fógraíochta an Phainéil: 'go gcinnítear go bhfuil lámh agatsa san fheabhas atá le cur ar an tseirbhís a mbaineann tusa úsáid aisti';
- Foráil maidir le hoiliúint i bhfeasacht mhíchumais do bhaill foirne ábhartha. Cuireann Coláiste Mhuire gan Smál de chuid Ollscoil Luimnigh, mar shampla, oiliúint i bhfeasacht mhíchumais ar fáil d'fhoirne riaracháin, acadúla agus tacaíochta;
- Forbairt agus cur chun cinn nósanna imeachta soiléire maidir le cabhair a chur ar fáil, mar shampla i gcás creatlaigh ama, rólanna agus freagrachtaí. Nuair a bheidh teangaire le teanga comharthaíochta na Gaeilge ag teastáil, ó am go ham, mar shampla, beidh fógra atá leordhóthain ag teastáil. I gcás gníomhaireachta do theangairí teanga comharthaíochta a chuireann teangairí cláraithe ar fáil, mar shampla, bíonn fógra coicise ag teastáil de ghnáth más féidir, cé go ndéanfar gach iarracht freastal ar iarratais a bhfuil práinn leo le fógra níos giorra. Níor mhór do chomhlachtaí poiblí a chinntiú go gcuirfí daoine, gur dhóigh go mbeadh an cineál sin tacaíochta á iarraidh acu, ar an eolas, chomh maith céanna, maidir leis na riachtanais a ghabhann leis an bhfógra.

## **Alt 26 (1)(c) Comhairle Shaineolaíoch**

Ní mór do chomhlacht poiblí, nuair is cuí, a chinntiú go bhfuil an saineolas agus na scileanna cuí ar fáil chun comhairle a chur air chun go mbeidh rochtain ar a sheirbhísí. Is féidir go gcuirfí an saineolas sin ar fáil laistigh den eagraíocht, nó, nuair is cuí, go bhfaighfí go seachtrach é.

**Is féidir le comhlacht poiblí seo a bhaint amach trí:**

- Am a ghlacadh chun na seirbhísí éagsúla atá á soláthar ar dóigh go mbeidh comhairle ag teastáil maidir le conas is féidir rochtain a bheith ag daoine faoi mhíchumas orthu, a aithint, d'fhonn an cineál sonrath shaineolais atá de dhíth a aithint;
- A chinntiú cibé an bhfuil nó nach bhfuil an sórt sin saineolais ar fáil go himmheánach nó an gá é a lorg go seachtrach;
- Tionscnaimh oiliúna foirne a aithint agus a chur i bhfeidhm chun acmhainn intí a chur le chéile chun comhairle shaineolaíoch a chur ar fáil;
- Foinsí iomchuí a aithint, má tá comhairle sheachtrach de dhíth;
- Am a thabhairt chun measúnú a dhéanamh ar aon chomhairle a thugtar, agus na gníomhartha cuí agus indéanta a thiocfadh aisti;
- An chomhairle a chur faoi ndeara don phearsanra iomchuí;
- Bearta ar glacadh leo a chur chun cinn sa chaoi is go mbeidh an pobal i gcoitinne ar an eolas fúthu.

**B'fhéidir go mbeadh sé seo a leanas úsáideach do chomhlachtaí poiblí agus a bhfuil le déanamh á mheas acu:**

- Creatlach chomhairliúcháin a bhunú chun comhairle a thabhairt ar ábhair ar nós comhairle shaineolaíoch riachtanach a aithint agus a chur ar fáil. Bunaíodh an Coiste ar Inrochtaineacht Iompair Phoiblí i mí Iúil 2000 mar ghrúpa saineolaíoch chun comhairle a chur ar an Aire Iompair maidir le gnéithe molta inrochtaineachta a bhaineann le tionscadail infheistíochta iompair agus le saincheisteanna atá ann cheana féin a bhaineann le hinrochtaineacht iompair poiblí.

## **Alt 26 (2) Oifigigh Rochtana**

Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí oifigeach amháin ar a laghad, a bheith údaraithe chun gníomhú i gcumas "oifigigh rochtana". Tá an t-oifigeach sin, nuair is cuí, freagrach



as cabhair agus treoir a chur ar fáil, a shocrú agus a chomhordú do dhaoine faoi mhíchumas atá ag lorg rochtana ar sheirbhísí a chuireann an comhlacht sin ar fáil.

**Is féidir le comhlacht poiblí seo a bhaint amach trí:**

- Na scileanna a bheadh riachtanach do ról an oifigigh rochtana a mheas;
- An líon oifigeach a theastódh i ndáil leis na seirbhísí atá á soláthar ag an gcomhlacht, a mheas (is ceanglas de chuid an Achta go mbeadh oifigeach amháin ar a laghad ann);
- Oifigeach amháin ar a laghad a údarú chun ról an oifigigh rochtana mar a shainmhínítear san Acht, a chomhlíonadh;
- A chinntiú go bhfuil oiliúint mar is cuí ar an oifigeach seo agus breithmheas tugtha dó/di dá d(h)ualgais agus dá f(h)reagrachtaí (tá sé tábhachtach go bhfágfadh an oiliúint go mbeadh an tOifigeach Rochtana in ann (a) déileáil le comhtháthú agus rochtain sa láthair shainiúil ina bhfuil sé nó sí ceaptha (b) cur i bhfeidhm straitéisí a dhearadh agus a chur chun cinn nó tacú leo, chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair seo, áit a bhfuil sé sin praiticiúil agus cuí);
- A chinntiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas teacht go héasca ar an Oifigeach seo, ar mian leo rochtain a fháil ar sheirbhísí a chuireann an comhlacht poiblí ar fáil, agus go mbeidh baill foirne a bhfuil a c(h)omhairle agus a t(h)acaíocht ag teastáil uathu in ann teacht air/uirthi go héasca freisin;
- A chinntiú go bhfuil teagmháil rialta ag an Oifigeach seo leis an mbainistíocht shinsearach agus go bhfuil acmhainní agus tacaíocht chuí aige nó aici ina ról;
- A chur chun cinn go gceapfaí agus go mbeadh fáil ar Oifigeach/Oifigigh Rochtana agus an chaoi le teagmháil a dhéanamh leo, sa chaoi is go mbeidh an pobal i gcoitinne ar an eolas fúthu agus in ann leas a bhaint as a gcabhair.

**Alt 27 Inrochtaineacht seirbhísí a chuirtear ar fáil do chomhlachtaí poiblí**

Tá sé mar cheanglas ar gach comhlacht poiblí ón 31 Nollaig 2005 a chinntiú go mbeidh rochtain ar na hearraí nó ar na seirbhísí atá á soláthar dóibh ag daoine faoi mhíchumas ach amháin dá mba rud é nach mbeadh sé indéanta nó inchosanta ar bhonn costais nó dá mbeadh moill mhírreasúnach dá bharr. Bainfidh sé seo le raon leathan earraí nó seirbhísí lena n-áirítear trealamh, ábhair, teicneolaíocht na faisnéise agus araile.

**Is féidir le comhlacht poiblí seo a bhaint amach trí:**

- Athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí reatha soláthair, nósanna imeachta, cleachtais, treoirlínte nó teimpléid a úsáideann nó a d'fhorbair an comhlacht poiblí, lena fháil

amach conas is féidir leo athbhreithniú a dhéanamh orthu chun inrochtaineacht a fhí isteach sa phróiseas tairisceana mar chritéar (bheadh sé tábhachtach mar shampla seiceáil an ndéanann polasaithe tairisceana ráiteas follasach ar inrochtaineacht);

- Féachaint chuige i ngach próiseas tairisceana poiblí go gcuirtear inrochtaineacht san áireamh mar chritéar le linn an phróisis tairisceana iomláin, idir comórtais tairisceana a bhunú agus a reáchtáil, tairiscintí a mheas agus an Conradh a chur ar aghaidh, agus nósanna imeachta agus athbhreithniú a thabhairt chun críche;
- An ceanglas seo a chur in iúl do gach ball pearsanra iomchuí a bheidh páirteach sa phróiseas tairisceana agus treoir a thabhairt dóibh i ndáil leis na cúinsí nuair nach mbeidh an ceanglas feiliúnach ar fhorais atá sainmhínithe i mír (a), (b) agus (c) in alt 27(2) (féach thíos).

## Eisceachtaí

Aithnítear go mb'fhéidir nach mbeifí i gcónaí ábalta a chinntiú go mbeidh rochtain ar na hearraí nó ar na seirbhísí a cheannaíonn an comhlacht ach níor chóir eisceachtaí a thabhairt san áireamh ach amháin de réir na gcúinsí a shainítear i mír (a), (b) agus (c) in alt 27(2) den Acht. Forálann siad nach mbeidh feidhm leis an gceanglas maidir leo seo:

- Nuair nach mbeadh sé indéanta (mar shampla: nuair nach bhfuil an teicneolaíocht a theastaíonn ar fáil go héasca); nó
- Nuair nach mbeadh sé inchosanta é a dhéanamh ó thaobh costais de; nó
- Nuair a bheadh moill mhírreasúnach ar sholáthar na n-earraí nó na seirbhísí do dhaoine eile (mar shampla: nuair a bhíonn earraí nó seirbhísí nó an dá rud araon ar fáil agus de dhíth ar dhaoine eile agus go mbeadh an mhoill shuntasach a bhainfeadh lena soláthar míchóir do na daoine eile sin).

## Alt 28 Rochtain ar Fhaisnéis

Baineann an t-alt seo le comhlachtaí poiblí a chuireann faisnéis ar fáil don phobal i gcoitinne.

### Alt 28 (1)(a)

Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí, a mhéid is indéanta, a chinntiú go bhfuil an faisnéis a chuirtear ar fáil ó bhéal don phobal ar fáil i bhformáid inrochtana, má iarrann daoine le lagú éisteachta é.

Tá réimse i gceist le deacrachtaí éisteachta, ó mhiondeacrachtaí le gnáthchaint nó minicíochtaí fuaimne a chloisteáil go hollbhodhaire. Is féidir le go leor daoine le lagú éisteachta beola a léamh; úsáideann daoine ar leith áiseanna éisteachta agus daoine eile tacaíocht amhairc (cosúil le téacsfóin nó seirbhísí fortheidealú fíor-ama nó seirbhísí iompair fístéipe); b'fhéidir go mbeadh teangairí teanga comharthaíochta ag teastáil ó dhaoine eile.

**Is féidir le comhlacht poiblí sin a bhaint amach trí:**

- Triail a bhaint as an raon formáidí is féidir a úsáid ionas go mbeadh rochtain ag daoine faoi lagú éisteachta ar chumarsáid ó bhéal (féach samplaí thíos);
- Nósanna imeachta a bhunú chun iarratais a phróiseáil d'fhormáidí inrochtana is féidir a chur ar fáil chomh fada is atá sin indéanta, lena n-áirítear deis cumarsáide leis an tomhaltóir a chur ar fáil (ba cheart go mbeadh baill foirne ábhartha ar an eolas faoi na nósanna imeachta sin);
- Nósanna imeachta a bhunú chun formáidí inrochtana a fháil nó a chur ar fáil;
- An fhormáid atá ag teastáil ón duine, a bhfuil lagú éisteachta aige nó aici agus atá ag déanamh an iarratais, a fháil amach;
- Cinneadh a dhéanamh ar an bpraiticiúlacht a bhaineann leis an bhfoirm tacaíochta a iarrtar a chur ar fáil, laistigh de chomhthéacsanna agus creatlaigh ama cumarsáide ar leith.

**Ba chóir do chomhlachtaí poiblí na nithe seo a leanas a mheas freisin:**

- Iad féin a chur ar an eolas faoi na riachtanais a bhíonn ag daoine le lagú éisteachta;
- Forbairt ar leaganacha scríofa cumarsáide ó bhéal, cosúil le treoirlínte nó Ceisteanna Coitianta;
- Cumarsáid leictreonach aon-treo nó dhá-threo le baill den phobal a sholáthar trí ríomhphost, téacs SMS nó teicneolaíochtaí eile teachtaireachta;
- Téacsfóin nó fóin físe a sholáthar;
- Lúba ionduchtúcháin a shuiteáil i seomraí fáiltithe nó seomraí feithimh agus i seomra cruinnithe amháin ar a laghad;
- Teangairí teanga comharthaíochta na hÉireann a sholáthar agus, nó fortheidealú fíor-ama d'ollchomhairliúcháin phoiblí;
- Úsáid a bhaint as téacs tuairisciúil le haghaidh fístéipeanna fógraíochta agus cur i láthair scannánaíochta;

- Foirmeacha eile tacaíochta a thairiscint murar féidir an fhoirm iarrtha a sholáthar, áit ar féidir sin a dhéanamh nó a bhfuil sin praiticiúil;
- Monatóireacht a dhéanamh ar iarratais maidir le formáidí a bhfuil rochtain orthu d'fhonn bunús a thabhairt do phleanáil rochtana sa todhchaí.

## **Alt 28 (1)(b)**

Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí, a mhéid is indéanta, a chinntiú go bhfuil faisnéis agus cumarsáid scríofa a chuireann sé ar fáil don phobal curtha in iúl i bhformáid inrochtana, nuair a iarrann daoine faoi lagú amhairc a leithéid.

Is féidir go mbainfeadh lagú amhairc le radharc doiléir nó géar-éagumasach chun an difríocht idir solas agus dorchadas a aithint. Is féidir go mbainfeadh daoine faoi lagú amhairc úsáid uaireanta as cló mór, codarsnacht ard, clostéip nó doiciméid i bhformáidí Braille.

Is féidir nach dtógfadh sé rófhada formáidí inrochtana a chur ar fáil intí, agus go mbeadh sé sách éasca é a dhéanamh, m.sh. leagan de dhoiciméid áirithe i gcló mór nó b'fhéidir téacs a atáirgeadh i mBraille. Sa dara chás, mura bhfuil aon áiseanna nó saineolas le fáil intí, is féidir go gcaithfí an tseirbhís a fháil ar conradh ón bhfoinse iomchuí agus am a cheadú chun é a chur ar fáil.

### **Is féidir le comhlacht poiblí é sin a bhaint amach trí:**

- Triail a bhaint as an raon formáidí is féidir a úsáid chomh fada is atá sé sin indéanta ionas go mbeadh cumarsáid scríofa inrochtana do dhaoine faoi lagú amhairc (féach samplaí thíos);
- Nósanna imeachta a bhunú chun formáidí inrochtana a fháil nó a chur ar fáil;
- Nósanna imeachta a bhunú chun iarratais a phróiseáil d'fhormáidí inrochtana is féidir a chur ar fáil chomh fada is atá sin indéanta lena n-áirítear deis cumarsáide leis an tomhaltóir a chur ar fáil. Ba cheart go mbeadh baill foirne ábhartha ar an eolas faoi na nósanna imeachta sin;
- An fhormáid atá ag teastáil ón duine a bhfuil lagú amhairc aige nó aici agus atá ag déanamh an iarratais a fháil amach;
- Cinneadh a dhéanamh ar an bpraiticiúlacht a bhaineann le soláthar na foirme tacaíochta a iarrtar, laistigh de chomhthéacsanna agus creatlaigh ama cumarsáide ar leith.

**Ba chóir do chomhlachtaí poiblí na nithe seo a leanas a mheas freisin:**

- Faisnéis a sholáthar i bhformáidí inrochtana, cosúil le:
  - Cló Mór;
  - Braille;
  - Cumarsáid leictreonach ar féidir rochtain a fháil uirthi le teicneolaíocht oiriúnaitheach;
  - Clostéipeanna

(Tabhair faoi deara: Soláthar clostéipeanna do dhaoine a bhfuil lagú amhairc orthu. Nuair atá cinneadh á dhéanamh ar an bpraiticiúlacht a bhaineann le formáidí clostéipe dhoiciméid ar leith a chur le chéile, áfach, tá sé tábhachtach na nithe seo a leanas a chur san áireamh: (a) go bhfuil teorann leis an gcumas atá ag duine chun faisnéis chluastuisceana a shú agus (b) nach n-oibríonn faisnéis ar leith ar téip (eolairí móra nó doiciméid theicniúla ina bhfuil go leor crostagairtí, mar shampla). I gcás doiciméid atá níos mó agus níos casta, d'fhéadfaí smaoineamh ar théipeanna achoimreacha nó comhairliúcháin duine ar dhuine nó comhairliúcháin ar an bhfón.);

- Más féidir nó más indéanta, foirmeacha malartacha tacaíochta a thairiscint murar féidir an fhoirm a iarrtar a chur ar fáil;
- Monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar fhormáidí inrochtana chun bunús a thabhairt do phleanáil rochtana sa todhchaí.

## **Alt 28 (2)**

Nuair a dhéanann comhlacht poiblí cumarsáid leis an bpobal trí fhormáid leictreonach ní mór dó a chinntiú, a mhéid is indéanta, go bhfuil rochtain ag duine faoi lagú amhairc atá ag baint úsáide as teicneolaíocht oiriúnaitheach ar ábhair na gcumarsáidí. I measc na teicneolaíochta sin áirítear léitheoirí scáileáin, gléasanna aschuir Braille agus bogearra formhéadaithe scáileáin. Tugtar sainmhíniú ar lagú amhairc faoi alt 28(1)(b) thuas.

Tugtar sainmhíniú ar lagú amhairc faoi alt 28(1)(b) thuas.

### **Is féidir le comhlacht poiblí é sin a bhaint amach trí:**

- An méid atá i gceist le rochtain ar chumarsáid leictreonach a fháil amach agus tuiscint a fháil ar riachtanais na ndaoine a úsáideann teicneolaíocht oiriúnaitheach;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais reatha do chumarsáid leictreonach i dtéarmaí inrochtaineachta i gcomhthéacs treoirínite agus caighdeáin iomchuí, m.sh.

- Treoirlínte Inrochtaineachta Theicneolaíocht na Faisnéise an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais do gach ríomhaire, bothanna eolais, seirbhísí idirghníomhach le tosach Theicneolaíocht Faisnéise Chumarsáide (mar shampla foirmeacha gréasáin de chuid seirbhíse ar-líne na gCoimisinéirí Ioncaim, innill do vótáil leictreonach), ríomhphost agus bogearraí eile feidhme agus Teirminéil Rochtana Phoiblí eile a úsáideann an pobal (téigh i gcomhairle le <http://accessit.nda.ie>);
- Comhfhoirmeacht dhúbailte leibhéil A le Treoirlínte Inrochtaineachta Ábhair Ghréasáin (WCAG) de chuid an Tionscnamh um Inrochtaineacht Gréasáin (WAI), téigh i gcomhairle le <http://w3.org/WAI>;<sup>1</sup>
- Pleanáil lena chinntiú go gcuirtear gach cumarsáid den sórt sin ar fáil, a mhéid is indéanta, i bhformáid a bhfuil rochtain uirthi ag daoine faoi lagú amhairc a úsáideann teicneolaíocht oiriúnaitheach cosúil le, m.sh., léitheoirí scáileáin nó brabhsálaithe labhartha, agus araile, de réir mar is cuí.

**B'fhéidir go mbeadh sé seo a leanas úsáideach do chomhlachtaí poiblí agus a bhfuil le déanamh á mheas acu:**

- Is sampla úsáideach é láithreán gréasáin Oasis (*Online Access to Services, Information and Support*), [www.oasis.gov.ie](http://www.oasis.gov.ie), a d'fhorbair Comhairle, maidir leis an gcaoi ar féidir rochtain a chur ar fáil d'ábhair chumarsáidí leictreonacha do dhuine faoi lagú amhairc a bhfuil fáil aige nó aici ar theicneolaíocht oiriúnaitheach;
- A bheith ar an airdeall faoi theicneolaíochtaí nua agus fúthu siúd atá ag teacht chun cinn (cosúil le teicneolaíocht chárta cliste agus úsáid cur síos cluaséisteachta do Theilifís Dhigiteach) agus an cumas atá acu bealach cumarsáide inrochtana a chur ar fáil do dhuine le míchumas amhairc.

### **Alt 28 (3)**

Ní mór do gach comhlacht poiblí a chinntiú, a mhéid is indéanta, go gcuirtear an faisnéis a fhoilsíonn sé, a bhaineann go díreach le daoine faoi mhíchumas intleachtúil, ar fáil dóibh i dteanga shoiléir a thuigeann siad gan stró.

Is minic a thagraítear dó seo mar fhormaid atá "éasca le léamh", ach go ginearálta

---

<sup>1</sup> Deir 'New Connections - A Strategy to realise the potential of the Information Society' de chuid Roinn an Taoisigh go 'n-éileofar ar ghach láithreán gréasáin phoiblí a bheith ag aontú le WAI (leibhéal 2) roimh dheireadh 2001'.

baineann sé le faisnéis a tháirgeadh ar na bealaí seo a leanas:

- Formáid i mbéarla simplí (teanga shoiléir shimplí);
- Abairtí gearra, ag seachaint béarlagair, leaganacha cainte agus focail chasta; agus, nó
- Achoimrí atá éasca le léamh a bhaineann leas as léaráidí chun tuiscint a éascú.

Is féidir le comhlacht poiblí sin a bhaint amach trí:

- Dul i gcomhairle le comhlachtaí iomchuí maidir le céard atá i gceist le faisnéis foilsithe a tháirgeadh i bhformáidí den sórt sin;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an raon faisnéise foilsithe ag an gcomhlacht chun na foilseacháin a thagann laistigh den chatagóir ábhartha a aithint;
- Éileamh dóchúil ar fhaisnéis den sórt sin a mheas i gcomhairliúchán nuair is cúí;
- Nósanna imeachta agus socruithe inmheánacha le gníomhaireachtaí seachtracha a bhunú, nuair atá sé sin riachtanach, chun foilseacháin iomchuí a athrú go dtí formáidí atá éasca le léamh;
- Nósanna imeachta a bhunú chun freagairt ar iarratais ar fhormáidí den sórt sin lena n-áirítear deiseanna chun cumarsáid a dhéanamh leis an tomhaltóir. Ba cheart go mbeadh baill foirne ábhartha ar an eolas faoi na nósanna imeachta seo;
- Monatóireacht a dhéanamh ar éileamh ar fhormáidí den sórt sin chun bunús a thabhairt do phleanáil amach anseo.

B'fhéidir go mbeadh sé seo a leanas úsáideach do chomhlachtaí poiblí agus a bhfuil le déanamh á mheas acu:

- Is sampla é an tEagrán Éasca le Léamh de Phlean Straitéiseach an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais 2003-2006 de leagan doiciméid oifigiúil atá Éasca le Léamh;
- An foilseachán de chuid an NDA 'First Steps in Producing Accessible Publications'.

## Aguisín a hAon: Ailt i gCuid 3 den Acht um Míchumas 2005

### Rochtain ar sheirbhísí, etc.

- 26 (1) I gcás go soláthraíonn comhlacht poiblí seirbhís, déanfaidh ceann an chomhlachta -
- (a) más indéanta agus más cuí, a chinntiú go ndéantar soláthar na rochtana ar an tseirbhís ag daoine atá, agus daoine nach bhfuil, faoi mhíchumas a chomhtháthú,
  - (b) más indéanta agus más cuí, socrú le haghaidh cúnamh, má iarrtar é, do dhaoine atá faoi mhíchumas le linn dóibh rochtain a fháil ar an tseirbhís más deimhin leis an gceann gur gá an socrú sin chun a chinntiú go gcomhlíontar *mír* (a), agus
  - (c) más cuí, a chinntiú go bhfuil daoine ar fáil a bhfuil saineolas agus scileanna cuí acu chun comhairle a thabhairt don chomhlacht maidir leis an modh chun a chinntiú go bhfuil an tseirbhís a sholáthraíonn an comhlacht inrochtana ag daoine atá faoi mhíchumas.
- (2) Údaróidh gach ceann comhlachta phoiblí dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1) do dhuine amháin ar a laghad dá oifigigh nó dá hoifigigh (dá ngairtear "oifigigh rochtana" san Acht seo) cúnamh agus treoir a sholáthar, nó socrú a dhéanamh chun cúnamh agus treoir a sholáthar, do dhaoine atá faoi mhíchumas le linn dóibh rochtain a fháil ar a sheirbhísí, agus comhordú a dhéanamh ar an soláthar sin.
- (3) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 31 Nollaig 2005.



**Inrochtaineacht seirbhísí a sholáthraítear do chomhlacht poiblí.**

- 27 (1) I gcás go soláthraítear seirbhís do chomhlacht poiblí, cinnteoidh ceann an chomhlachta go bhfuil an tseirbhís inrochtana ag daoine atá faoi mhíchumas.
- (2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* más rud é, maidir le soláthar na rochtana ag daoine atá faoi mhíchumas ar aon seirbhísí a sholáthraítear don chomhlacht -
- (a) nach mbeadh sé indéanta,
  - (b) nach bhféadfaí é a chosaint ag féachaint don chostas a bhainfeadh lena dhéanamh, nó
  - (c) go mbeadh sé ina chúis le moill mhírreasúnach i dtaca leis na hearraí nó na seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine eile.
- (3) San alt seo, foláionn tagairtí do sheirbhísí a sholáthar tagairtí d'earraí a sholáthar.
- (4) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 31 Nollaig 2005.

**Rochtain ar fhaisnéis**

- 28 (1) I gcás go ndéanann comhlacht poiblí cumarsáid le duine amháin nó níos mó, cinnteoidh ceann an chomhlachta -
- (a) más cumarsáid ó bhéal an chumarsáid agus má tá mallachar éisteachta ar an duine nó ar na daoine réamhráite agus má iarrann an duine nó na daoine amhlaidh, nó
  - (b) más cumarsáid i scríbhinn an chumarsáid agus go bhfuil mallachar amhairc ar an duine nó ar na daoine réamhráite agus má iarrann an duine nó na daoine amhlaidh

go ndéantar, a mhéid is indéanta, ábhar na cumarsáide a chur in iúl i bhfoirm atá inrochtana ag an duine lena mbaineann.

- (2) I gcás go ndéanann comhlacht poiblí cumarsáid i bhfoirm leictreonach le duine amháin nó níos mó, cinnteoidh ceann an chomhlachta, a mhéid is indéanta, go mbeidh ábhar na cumarsáide inrochtana ag daoine ar a bhfuil mallachar amhairc agus a bhfuil teicneolaíocht oiriúnaitheach ar fáil dóibh.
- (3) Cinnteoidh ceann comhlachta phoiblí, a mhéid is indéanta, maidir le faisnéis arna foilsiú ag an gcomhlacht agus ina bhfuil faisnéis is iomchuí do dhaoine atá faoi mhíchumas intleachtúil go mbeidh sí i bhfriotal soiléir a thuigfidh na daoine sin go héasca.
- (4) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 31 Nollaig 2005.

## Formáidí Malartacha

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil fáil ar an doiciméad seo sna formáidí seo a leanas freisin:

- Béarla simplí (Gan Béarlagair);
- Achoimre atá Éasca le Léamh;
- Cló Mór;
- Clostéip;
- Braille;
- HTML atá inrochtana.

## A Thuilleadh Faisnéise agus Comhairle

Chun a thuilleadh faisnéise agus comhairle a fháil ar aon ghné den doiciméad seo (ina measc eolas ar ghníomhaireachtaí a sholáthraíonn comhairle ar rochtain agus seirbhísí formáidiú doiciméad; foilseacháin NDA agus foilseacháin eile a d'fhéadfadh a bheith cabhrach agus araile), déan teagmháil le:

### An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

25 Bóthar Cluaidh, Baile Átha Cliath 4, Éire.

Teil. (01) 6080400

Faics. (01) 6609935

[www.nda.ie](http://www.nda.ie)

Aonad na gCaighdeán san Údarás Náisiúnta Míchumais ríomhphost: [standards@nda.ie](mailto:standards@nda.ie)

**Comhairle** - an ghníomhaireacht náisiúnta tacaíochta atá freagrach as tacú le foráil eolais agus comhairle ar sheirbhísí sóisialta

Comhairle, An 7ú Úrlár, Teach Hume, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.

Teil: 01 6059000

Ríomhphost: [info@comhairle.ie](mailto:info@comhairle.ie)

Láithreán Gréasáin: [www.comhairle.ie](http://www.comhairle.ie)

### Le haghaidh a thuilleadh eolais féach freisin:

[www.assistireland.ie](http://www.assistireland.ie)

Tá eolas, táirgí, soláthróirí agus acmhainní ábhartha sa mbunachar sonraí seo maidir le maireachtáil laethúil agus míchumas in Éirinn.

Lo Call 1890 277478

Ríomhphost: [support@assistireland.ie](mailto:support@assistireland.ie)

### Chun eolas ginearálta ar sheirbhísí poiblí agus sóisialta a fháil féach:

[www.oasis.gov.ie](http://www.oasis.gov.ie)

**Chun eolas ar na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2004 a fháil déan teagmháil le do thoil le:**

An tÚdarás Comhionannais

2, Sráid Chluain Meala,

Baile Átha Cliath 2.

Teil: (01) 4173333

LóGhlao: 1890 245 545

Ríomhphost: [info@equality.ie](mailto:info@equality.ie)

Láithreán Gréasán: [www.equality.ie](http://www.equality.ie)

Údarás Náisiúnta Míchumais  
25 Bóthar Clyde, Baile Átha Cliath 4. Teil: 01 608 0400 Facs: 01 660 9935  
Ríomhphost: [nda@nda.ie](mailto:nda@nda.ie)

[www.nda.ie](http://www.nda.ie)